Commission for the Support of Victims of Crime

Tuarascáil Bhliantúil 2010



CLÁR

Alt		Uimhir Lgh.
	Achoimre Fheidhmeach	2
1	An Coimisiún: Ballraíocht agus príomhfheidhmeanna	3
2	Forléargas ar mhaoiniú ón gCoimisiún i 2010	4
3	Cinntí maoinithe do 2011	8
4	Ag obair le heagraíochtaí eile	8
5	Soláthar foirne agus oibrithe deonacha	9
6	An Fóram Comhchomhairleach	9
7	Oiliúint	10
8	Taighde	11
9	Athbhreithniú ar an gCairt Íospartach	13
10	An tSeirbhís Tacaíochta Cúirte	13
11	Tacaíocht Íospartach san Eoraip	14
12	Gníomhaíochtaí eile an Choimisiúin i 2010	14
	Aguisín A: Iarratais Rathúla ar Mhaoiniú i 2010	15
	Aguisín B: Dáileadh Maoinithe i 2010	17
	Aguisín C: Maoiniú íoctha le heagraíochtaí 2005 go 2010	18
	Aguisín D: Líon na n-íospartaigh tacaithe agus líon na n-oibrithe deonacha	19
	Aguisín E: Fógra Poiblí le haghaidh maoinithe 2011	20

AN COIMISIÚN UM THACAÍOCHT D'ÍOSPARTAIGH NA COIREACHTA

TUARASCAIL DON AIRE DLI AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS 2010

Achoimre Fheidhmeach

- Dháil an Coimisiún €1,273,696 ar 44 eagraíocht san earnáil dheonach a chuireann seirbhísí duine le duine ar fáil d'íospartaigh na coireachta i 2010. Is ardú de bheagnach 1.5% é seo ar mhaoiniú 2009 d'eagraíochtaí san earnáil dheonach. Tugadh cúnamh d'iomlán 12,173 íospartach leis an maoiniú seo – ardú 21% ar 2009 (Alt 2).

- Reáchtáil an Fóram Comhchomhairleach, a bhunaigh an Coimisiúin i 2009 chun tuairimí na n-íospartach a thógáil san áireamh trí na daoine atá fostaithe ag agus mar oibrithe deonacha leis na heagraíochtaí, dhá chruinniú i 2010. Bhreathnaigh an chéad chruinniú ar Pháipéar Comhairliúchán an Pháipéir Bhán ar an gCoireachta ar an gCóras Ceartais Phobail agus Choiriúil, sula gcuireadh tús le dréachtú. Thug an dara cruinniú deis do na heagraíochtaí a fhaigheann maoiniú buaileadh ar roinnt eagraíochtaí ceartais choiriúil maidir le cur i bhfeidhm Cairt nua na nÍospartach (Alt 6).

- Reáchtáil an Coimisiún laethanta oiliúna do na heagraíochtaí a fhaigheann maoiniú uaidh i 2010, ar rialachas airgeadais agus ar chosaint sonraí agus ceardlann ar oiliúint a chur ar oibrithe deonacha (Alt 7).

- Sheol Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí Tuarascáil Thaighde an Choimisiúin ar thaithí íospartaigh na coireachta a rinne teagmháil le heagraíochtaí tacaíochta íospartaigh, i mí Dheireadh Fómhair, 2010 (Alt 8).

- Cuireadh Cairt na nÍospartach agus Treoir ar an gCóras Ceartais Choiriúil, arna hathbhreithniú faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí. Foilsíodh é agus sheol an tAire é i mí Iúil, 2010 (Alt 9).

- Oibríonn eagraíochtaí maoinithe ag an gCoimisiún leis na hEagraíochtaí Ceartais Choiriúil agus lena chéile agus a seirbhísí á sheachadadh acu (Alt 4).

1. An Coimisiún: Ballraíocht agus Príomhfheidhmeanna

1.1 Is iad seo a leanas baill reatha an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta:

An tUasal Ray McAndrew, Cathaoirleach (iar-Choimisinéir Cúnta An Garda Síochána)

An tUasal P.J. Fitzpatrick (iar-Phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse Cúirteanna)

An tUasal Terry Delany (Leas-Ard-Rúnaí, Ceardchumann Oibrithe Cumarsáide na hÉireann)

An tUasal Greg Heylin, ex officio (Stiúrthóir, Oifig Íospartaigh na Coireachta)

Chuir Nora Owen Uasal, An tUasal Sean Lowry agus an tUasal Michael Whelan a dtéarmaí oifige i gcrích mar bhaill an Choimisiúin i mí an Mheitheamh, 2010.

1.2 Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Choimisiúin:

- Cuidiú, in éineacht le hOifig Íospartaigh na Coireachta, le forbairt straitéisí agus beartas chun tacú le híospartaigh na coireachta, d'fhonn feabhas a chur ar chomhtháthú agus ar chomhsheasmhacht seirbhísí agus eolais atá ar fáil d'íospartaigh na coireachta.
- Cúnamh airgeadais a chur ar fáil d'eagraíochtaí ón earnáil dheonach a thacaíonn le híospartaigh na coireachta
- Dearcadh íospartaigh na coireachta a chur san áireamh i gceapadh straitéisí agus beartas, trí Fhóram Comhchomhairleach Íospartaigh na Coireachta
- Naisc le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí den chóras ceartais choiriúil a fhorbairt, ar mhaithe le leas íospartach
- Comhoibriú le Cosc, (An Oifig Náisiúnta um Fhoréigean Teaghlaigh Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chosc) agus leis an Aonad Frithgháinneála ar Dhaoine sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

- Coinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí idirnáisiúnta a bhaineann le híospartaigh na coireachta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCairt Íospartach.

1.3 Cuireann Oifig Íospartaigh na Coireachta rúnaíocht lánaimseartha ar fáil don Choimisiún. Tá úsáid seirbhísí comhordaitheora ag an gCoimisiún freisin a thugann cuairt ar na heagraíochtaí atá maoinithe ag an gCoimisiún, a dhéanann monatóireacht ar na seirbhísí atá ar fáil uathu agus a chuidíonn le réiteach áitiúil fadhbanna.

2. Forléargas ar Mhaoiniú an Choimisiúin i 2010

2.1 Cuireadh buiséad iomlán de €1,321,000 ar fáil don Choimisiún i 2010. Dháil an Coimisiún €1,273,696 ar eagraíochtaí. Thóg eagraíochtaí áirithe brabach beag anonn ó 2009 agus ba é an toradh a bhí aige seo ná gur chaith na heagraíochtaí maoinithe €1,275,815 ar an iomlán. Caitheadh an méid a bhí fágtha ar an bhFóram Comhchomhairleach a rith, foráil oiliúna agus costais eile.

2.2 Cuireadh fógra poiblí sna nuachtáin náisiúnta ar an 14 Deireadh Fómhair, 2009 ag lorg iarratais ar mhaoiniú do 2009. Tháinig formhór na n-iarratas a fuarthas ó eagraíochtaí a chuir isteach ar mhaoiniú agus a fuair maoiniú ón gCoimisiún i mblianta roimhe sin.

2.3 Tá an Coimisiún neamhspleách go hiomlán ina chinnteoireacht agus scrúdaíonn gach iarratas ar a fhiúntas féin. Tugadh scéala faoi chinneadh an Choimisiúin chuig na heagraíochtaí rathúla go raibh siad le maoiniú a fháil faoi dheireadh mhí na Nollag 2009. Rinneadh é seo le leanúnachas seirbhísí d'íospartaigh a éascú agus le cur ar chumas eagraíochtaí a seirbhísí don bhliain féilire iomlán 2010 a phleanáil. Rinneadh formhór na n-íocaíochtaí tosaigh sa chéad cheathrú de 2010, a luaithe agus a chuir eagraíochtaí na tuarascálacha riachtanacha ar mhaoiniú 2009 agus próifílí caiteachais do 2010 isteach. Roimh dheireadh mhí an Mhárta, 2010, íocadh €844,770 chuig na

heagraíochtaí maoinithe. Chiallaigh sé seo go raibh 93% de na túsíocaíochtaí féideartha íoctha ag an bpointe sin.

2.4 Dheonaigh an Coimisiún maoiniú do na hocht n-eagraíocht seo a leanas a chuireann seirbhísí ar fáil d'íospartaigh choireachta go ginearálta:

- **Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta [116 006]**
  Tugann an Coimisiún tacaíocht do Líne Chabhrach náisiúnta Íospartaigh na Coireachta agus cuireann chun cinn í mar lárphointe teagmhála do gach íospartach coireachta. Tugann an Líne Chabhrach an deis do dhaoine ar íospartaigh na coireachta iad, tacaíocht mhothúchánach a fháil ar an bhfón. Soláthraíonn sí eolas freisin ar an gcóras ceartais choiriúil agus ar sheirbhísí atá ar fáil go háitiúil ag íospartaigh choireachta. Bhí an líne chabhrach ar an gcéad líne chabhrach dá leithéid san Eoraip chun an líne chabhrach chaighdeánach (116 006) d'íospartaigh na coireachta san Aontas Eorpach a chur i bhfeidhm i 2010.

- **AdVIC** a mholann athruithe a chuirfidh athchothromú an chórais cheartais choiriúil i gcrích agus a thabharfaidh aitheantas breise do stádas teaghlaigh na n-íospartach dúnbhásaithe laistigh den chóras. Cuireann sé rochtain ar fáil freisin do chomhairleoireacht fóirdheontais do theaghlaigh íospartach dúnbhásaithe.

- **An tSeirbhís Tacaíochta Cúirte** a chuireann tionlacan cúirte ar fáil d'fhinnéithe ionchúisimh, a dteaghlaigh agus a gcairde sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath.

- **MISS** (Seirbhís Tacaíochta do Dhaoine ar Iarraidh in Éirinn) a sholáthraíonn eolas agus tacaíocht do theaghlaigh agus do chairde daoine atá ar iarraidh trí líne chabhrach

- **An Chónaidhm um Chúnamh d'Íospartaigh** a thairgeann tacaíocht phraiticiúil agus mhothúchánach d'íospartaigh na coireachta, tríd a líonra brainse.

- **An tSeirbhís Éireannach um Chúnamh do Thurasóirí** a sholáthraíonn seirbhís tacaíochta do thurasóirí ar íospartaigh choireachta iad.

- **Tacaíocht tar éis Coireachta** a chuireann tacaíocht mhothúchánach agus eolas praiticiúil ar fáil d'aon duine a ndeachaigh an choireacht i bhfeidhm orthu.

- **Tacaíocht tar éis Dúnbhásaithe** a chuireann tacaíocht mhothúchánach agus phraiticiúil ar fáil dóibh siúd ar lucht méala iad de bharr dúnbhásaithe.

Chaith na heagraíochtaí seo €494,638 agus sheas sé seo do 39% den chaiteachas iomlán eagraíochtaí ó mhaoiniú an Choimisiúin. Thug na seirbhísí seo tacaíocht do 7096 íospartach, ar ghlaoigh 2,897 díobh ar an Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta.

2.5 Seirbhísí d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh

D'fhaomhaigh an Coimisiún 25 iarratas ar mhaoiniú ó eagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh, go príomha do sholáthar seirbhíse tionlacan cúirte. Bhí €465,718 de mhaoiniú an Choimisiúin caite ag eagraíochtaí san earnáil seo, a sheas mar 37% den mhaoiniú iomlán leagtha amach ag an gCoimisiún. Tugadh cúnamh do 3,338 íospartach an fhoréigin teaghlaigh.

2.6 Seirbhísí d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh agus na gáinneála ar dhaoine

D'fhaomhaigh an Coimisiún ceithre iarratas ar mhaoiniú ó eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh. Bhí €182,701 de mhaoiniú an Choimisiúin caite ag eagraíochtaí san earnáil seo, a sheas mar 14% den mhaoiniú iomlán leagtha amach ag an gCoimisiún le haghaidh eagraíochtaí maoinithe. Tugadh maoiniú don *Ionad Éigeandála um Éigniú*

Bhaile Átha Cliath, Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann, *One in Four* agus *Ionad Foréigin Ghnéasaigh Chorcaí* le haghaidh oiliúint foirne agus oibrithe deonacha agus seirbhísí tionlacan d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh. Fuair *Ionad Foréigin Ghnéasaigh Chorcaí* maoiniú i leith sholáthair seirbhísí tacaíochta do líon beag íospartaigh na gáinneála. I 2009, cuireadh maoiniú ar fáil do *Ruhama* le haghaidh íospartaigh na gáinneála ach aistríodh an maoiniú seo chuig an Aonad um Ghráinneáil ar Dhaoine a Chosc ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí do 2010. Chuidigh an earnáil seo le 1,066 íospartach le maoiniú an Choimisiúin i 2010.

2.7 Tar éis do Thuarascáil Uí Riain a bheith foilsithe ar an 20 Bealtaine, 2009 agus Tuarascáil Uí Mhurchú ar an 26 Samhain, 2009, bhí ardú suntasach ar líon na ndaoine ag lorg abhcóideachta nó seirbhísí síciteiripe ó *One in Four* i 2009 agus 2010. Dháileadh €80,000 ar *One in Four* i 2010 le haghaidh miosúr láithreacha chun déileáil leis an mborradh. Tacaíodh le 700 íospartach a bhuí leis an airgead soláthraithe ag an gCoimisiún i 2009 agus tacaíodh le 709 i 2010. Thacaigh an earnáil le 1,066 íospartach le maoiniú soláthraithe ag an gCoimisiún i 2010.

2.8 Seirbhísí comhairleoireachta

Caith ceithre eagraíocht a chuir seirbhísí comhairleoireachta do 615 íospartach na coireachta €73,758 de mhaoiniú an Choimisiúin i 2010. Sheas sé seo do 6% de ranntlach iomlán an Choimisiúin d'eagraíochtaí maoinithe.

2.9 Seirbhísí do pháistí ar íospartaigh choireachta iad

Thug an Coimisiún maoiniú do *CARI* agus *Barnardos* i 2010. Fuair CARI, a sholáthraíonn tacaíocht do leanaí ar íospartaigh mí-úsáide gnéasaí iad, agus dá dtuismitheoirí nach ndéanann mí-úsáid, maoiniú i leith sheirbhís tacaíochta tionlacan cúirte do pháistí a mbíonn orthu freastal ar an gcúirt mar fhinnéithe. Rinneadh íocaíocht bheag bhreise do chomhairliúchán ar bhonn eisceachtúil. Soláthraíonn *Barnardos* comhairleoireacht do leanaí ar lucht méala iad de bharr dúnbhásaithe. Is ionann an €59,000 de mhaoiniú a chaith an earnáil seo agus

5% de dháileadh iomlán an Choimisiúin. Thacaigh na heagraíochtaí seo le 58 páiste arbh íospartaigh iad agus a dteaghlaigh.

2.10 Ar an iomlán, chabhraigh 44 eagraíocht le 12,173 íospartach, a chaith €1,275,815 ar an iomlán. Chaith grúpaí coireachta ginearálta 39%, grúpaí foréigin theaghlaigh 37%, grúpaí foréigin ghnéasaigh 14%, grúpaí comhairleoireachta 6% agus chaith grúpaí a sholáthraíonn tacaíocht do pháistí ar a raibh tionchar na coireachta orthu 5%. Tá liosta de na heagraíochtaí maoinithe ag an gCoimisiún i 2010 in Aguisín A. Ón uair a tosaíodh é i 2005 go dtí deireadh 2010, leag an Coimisiún amach beagáinín níos mó ná €6 milliún d'eagraíochtaí na hearnála deonaí ag tacú le híospartaigh na coireachta. Léirínn Aguisín D líon na n-íospartach arna thacaíodh leo de réir chatagóir

3 Cinntí Maoinithe do 2011

3.1 **3.1** Chun a chinntiú go bhfaigheadh na comhlachtaí deonacha a mhaoiníonn an Coimisiún a n-íocaíochtaí chomh luath agus ab fhéidir i 2011, chuir an Coimisiún fógra sna nuachtáin náisiúnta ar 16 Deireadh Fómhair, 2010 ag fáiltiú roimh iarratais ar mhaoiniú do 2011 (Aguisín E). Ba é an dáta deiridh iarratas a dhéanamh an 25 Samhain, 2010. Fuair an Coimisiún 50 iarratas.

4. Ag obair le heagraíochtaí eile

4.1 Bhí teagmháil ag an gcuid is mó d'eagraíochtaí na hearnála deonaí leis An Garda Síochána agus an tSeirbhís Chúirt le linn 2010 agus a seirbhísí á sheachadadh acu. Bhí teagmháil ag cuid de na heagraíochtaí maoinithe le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, an Bord um Chúnamh Dlíthiúil agus an tSeirbhís Promhaidh. Ar na comhlachtaí eile a ndeachaigh na heagraíochtaí i dteagmháil leo bhí COSC, (An Oifig Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chosc), an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (MABS), Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (HSE) agus an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh. Bhí roinnt comhoibrithe freisin idir na heagraíochtaí atá maoinithe ag an gCoimisiún. Oibríonn cuid mhaith de na heagraíochtaí le grúpaí pobail áitiúla agus a seirbhísí á seachadadh acu.

5. Soláthar foirne agus oibrithe deonacha

5.1 Oibríonn 406 oibrithe deonacha in eagraíochtaí maoinithe ag an gCoimisiún. Seasann earnálacha áirithe ar fhostaithe íoctha chun seirbhísí a sholáthar d'íospartaigh. De na hoibrithe deonacha, d'oibrigh 194 acu ag cuidiú le íospartaigh ginearálta na coireachta, sholáthair 23 acu tacaíocht d'íospartaigh na coireachta teaghlaí, d'oibrigh 129 san earnáil foréigin ghnéasaigh, d'oibrigh 56 san earnáil chomhairleoireachta agus d'oibrigh 6 le páistí. Chuir maoiniú an Choimisiúin ar a gcumas ag eagraíochtaí fostaithe íoctha a fhostú freisin (Aguisín D).

5.2 Tá an Coimisiún fíor-bhuíoch de na hoibrithe deonaí sin atá ag obair ar leibhéal áitiúil a oibríonn go díograiseach agus go minic gan aitheantas chun seirbhís a sholáthar d'íospartaigh na coireachta. Ní fhéadfadh aon ghníomhaireacht Rialtais dóchas a bheith acu an leibhéal céanna de ghealltanas agus de thiomantas leanúnach a chur ar fáil is atá léirithe ag go leor daoine a thugann a n-am agus a n-acmhainní, go deonach, chun cabhrú lena gcomhshaoránaigh nach bhfuil an fortún céanna acu. Dar leis an gCoimisiún, freisin, go bhfuil tábhacht thar na bearta le hobair agus fuinneamh gan staonadh na bhfostaithe a íoctar. .

6. An Fóram Comhchomhairleach

6.1 Bunaíodh an Fóram Comhchomhairleach d'Íospartaigh na Coireachta, a fhreastalaíonn ionadaí amháin air ó gach eagraíocht dheonach a ndéanann an Coimisiún maoiniú uirthi, le dearcadh íospartach a chur san áireamh tríothu siúd atá ag obair agus ag obair go deonach sna grúpaí. Ceadaíonn an Fóram do na heagraíochtaí atá maoinithe ag an gCoimisiún ionchur a bheith acu sa straitéis agus i bhforbairt polasaithe chun cuidiú agus tacú le híospartaigh na coireachta. Éascaíonn sé freisin malartú deachleachtais idir na heagraíochtaí maoinithe.

6.2 Reáchtáil an Coimisiún dhá chruinniú de chuid an Fhóraim Chomhchomhairligh i 2010. Fágadh an chéad Fhóram a reáchtáladh i Márta 2010 ar leath-taobh mar

lá réamh-chomhairle ar an bPáipéar Bán ar Choireacht, an ceathrú Páipéar Plé agus an ceann deiridh ar an gCóras Pobail agus Ceartais Choiriúil. Chuir na daoine a bhí i láthair a dtuairimí in iúl ar an méid gur cheart a bheith sa Pháipéar. Bhí an Páipéar le bheith dréachtaithe sa Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ag an Aonad Pháipéar Bán ar Choireacht. Thug an tUasal Doncha O'Sullivan, Ceann an Aonaid sin cur i láthair ghearr ar an ábhar. Bhí sé féin agus a fhoireann ar fáil chun éisteacht le tuairimí na rannpháirtithe mar fhreagra.

6.3 Chuir an Coimisiún Dréachtchairt nua na nÍospartach (féach Alt 9) faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ar an 5 Meitheamh, 2010. D'fhoilsigh agus sheol an tAire an Chairt i mí Iúil. Ba é théama an dara cruinniú de chuid an Fhóraim, a reáchtáladh i mí Mheán Fómhair "*Ag féachaint chuige go n-éireoidh le Cairt nua na nÍospartach*". Cuireadh fáilte roimh ionadaithe ón nGarda Síochána, an tSeirbhís Phríosúin, an tSeirbhís Phromhaidh, An tSeirbhís Chúirte agus An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla labhairt ag an bhFóram. Labhair said faoin eolas atá le fáil ina gCairteacha féin agus na meicníochtaí a bhí á chur i bhfeidhm acu d'fhonn a chinntiú go raibh na tiomantais d'íospartaigh sa Chairt á gcur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach ar fud na tíre. Lean seisiúin ceisteanna agus freagraí leabhraithe agus rúpacha a gcur i láthair.

6.4 Bhí freastal maith ag an dá chruinniú Fóraim agus ghlac gach duine a d'fhreastal orthu páirt ghníomhach. Bhraith iad siúd a d'fhreastail ar na laethanta go raibh siad an-úsáideach agus faisnéiseach. Thug na cruinnithe Fóraim an deis do na rannpháirtithe a dtaithí agus a smaointe i leith dea-chleachtais a roinnt le daoine eile atá ag obair san earnáil.

7. Oiliúint

7.1 Lean an Coimisiún lena chlár oiliúna do na heagraíochtaí a mhaoiníonn sé i 2010. Reáchtáil an Coimisiún trí lá oiliúna i 2010.

7.2 Phléigh an chéad lá oiliúna i mí an Mhárta Rialachas Airgeadais d'eagraíochtaí san earnáil dheonach. Dhéileáil sé leis na hoibleagáidí oiliúna gearrtha ar

eagraíochtaí deonacha beaga ag Achtanna na gCuideachtaí 1963 – 2009 agus Acht na gCarthanais 2009. Ba í Evelyn Fitzpatrick, Comhairleoir Airgeadais, an t-oiliúnóir.

7.3 Dhéileáil an dara lá oiliúna i mí Bealtaine le cosaint sonraí. Sheachaid an tUasal Billy Hawkes, An Coimisinéir um Chosaint Sonraí, an lá oiliúna iomlán é féin. Bhí na rannpháirtithe sásta rochtain díreach a bheith acu ar an gCoimisinéir lena gceisteanna agus a mbuarthaí.

7.4 Reáchtáil an Coimisiún ceardlann ar oiliúint a chur ar oibrithe deonacha, ar bhaill foirne agus ar a gcliaint i mí Dheireadh Fómhair. Thug ionadaithe ó AdVic, an tIonad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath, Lárionad Teiripe na mBan agus Tacaíocht tar éis Coireachta cur i láthair ar an lá ar na cleachtais reatha ina n-eagraíochtaí maidir le hoiliúint. Bhí na cur i láthair seo comhlánaithe ag roinnt eolais ó ghrúpaí eile ag glacadh páirte.

7.5 D'fháiltigh na rannpháirtithe roimh na laethanta oiliúna. Thug na laethanta oiliúna deiseanna breise freisin dóibh siúd a oibríonn chun cuidiú agus tacú le híospartaigh casadh lena chéile agus dea-chleachtais agus taithí a roinnt.

8. Taighde

8.1 Chinntigh an Coimisiún maoiniú ón Roinn le haghaidh taighde, a chuir foireann taighdeoirí ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, i gcrích 2007. Thug an taighde seo breac-chuntas ar na forálacha dlíthiúla Éireannacha reatha maidir le híospartaigh. Thug sé ábhar le chéile ó roinnt dlínsí eile a bhí bainteach le híospartaigh. Ar deireadh, lorg an taighde seo tuairimí ó eagraíochtaí san earnáil dheonach a thacaigh le híospartaigh na coireachta maidir le moltaí ar son athraithe.

8.2 Ag éirí as an taighde seo, d'iarr an Coimisiún, tar éis próisis tairisceana, ar ghrúpa taighdeoirí ó Choláiste Ollscoile Chorcaí taighde a dhéanamh ar na rudaí seo a leanas:

- riachtanais íospartaigh na coireachta agus a dteaghlaigh a aithint
- a mhéid a lorgaíonn íospartaigh na coireachta tacaíocht ó na seirbhísí atá ar fáil a bhunú
- a mhéid a bhfreastalaíonn eagraíochtaí a chuireann tacaíocht ar fáil d'íospartaigh na coireachta agus gníomhaireachtaí ceartais choiriúil ar na riachtanais sin a imlíne.

Rinne an taighde iarracht freisin fáil amach cé chomh ar an eolas is a bhí an pobal agus daoine proifisiúnta, lena mbaineann an fhéidearthacht go mbeidh siad ag plé le híospartaigh, maidir le seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh na coireachta Arís, bhí an taighde maoinithe ag an Roinn.

8.3 Sheol Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí an taighde críochnaithe i mí Dheireadh Fómhair, 2010. Foilsíodh an Doiciméad Taighde agus Achoimre Fheidhmeannaigh den doiciméad ar láithreán gréasáin an Choimisiúin ag www.csvc.ie

8.4 Seo a leanas torthaí an taighde:

- tá réimse leathan díotha ag íospartaigh; éisteacht chomhbhraiteach nuair a thuairiscíonn siad coir; eolas leanúnach maidir lena gcásanna; agus tacaíocht agus eolas, go háirithe nuair atá siad ag plé leis an gcóras cúirte,
- bhí seachtar as gach deichniúr sásta nó an-sásta le mothálacht na nGardaí agus ráiteas á ghlacadh acu,
- Bhí níos mó ná ceathrar ag gach deichniúr a bhí ina n-íospartaigh míshásta nó an-mhíshásta leis an eolas soláthraithe ag na Gardaí ag an bpointe fiosrúcháin,
- Dúirt 88.5% de na daoine a d'fhreagair an cheist go raibh siad sásta nó an-sásta le Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta,
- le leibhéil arda chomhchosúla sástachta le heagraíochtaí tacaíochta eile,
- bhí 55% d'íospartaigh ábhartha mí-shásta nó an-mhíshásta lena n-eispéireas cúirte,
- shainaithnigh rannpháirtithe a n-easpa eolais maidir leis an gcóras dlí, agus

- bhí easpa feasachta agus mearbhall i measc an phobail agus daoine proifisiúnta maidir le héagsúlacht eagraíochtaí na hearnála deonaí ag cuidiú le híospartaigh na coireachta.

Cé go bhfuil feabhas maidir le seirbhísí d'íospartaigh na coireachta le feiceáil in áiteanna, leag an taighde béim ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige leanúnach a chinntiú ar fud an Stáit.

9. Athbhreithniú ar an gCairt Íospartach

9.1 I gcomhairle leis na gníomhaireachtaí ceartais choiriúil agus daoine leasmhara eile, lean an Coimisiún lena chuid oibre ag déanamh athbhreithnithe ar Chairt d'Íospartaigh agus Treoir don Chóras Ceartais Choiriúil. Cuireadh an tAthbhreithniú i gcrích agus cuireadh an Chairt athbhreithnithe faoi bhráid an Aire i mí an Mheitheamh, 2010. D'fhoilsigh agus sheol an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ag an am, An tUasal Dermot Ahern, T.D. an Chairt i mí Iúil, 2010. Tá an Chairt scríofa i mBéarla sothuigthe chun a hinrochtaineacht agus a hintuigtheacht dóibh siúd le cumas léitheoireachta teoranta agus an gnáthdhuine go ginearálta. Leagann an Chairt amach na gealltanais a dhéanann gach ceann de na heagraíochtaí ceartais choiriúil agus an Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta, an earnáil dheonach, chun freastal ar dhíotha na n-íospartach. Tugtar sonraí teagmhála má tharlaíonn sé nach gcomhlíontar na gealltanais déanta agus críochnaíonn gach caibidil le gearrthuairisc cúlra ar an ról atá ag gach eagraíocht. Ina theannta sin, tá léargas ar an dlí sa Chairt ó pheirspictíocht an íospartaigh, i mBéarla simplí arís. Tá liosta fairsing de shonraí teagmhála na n-eagraíochtaí a bheidh úsáideach d'íospartaigh na coireachta tugtha.

9.2 Scaipeadh cóipeanna den Chairt ar réimse leathan eagraíochtaí a bhíonn i dteagmháil le híospartaigh na coireachta. Aistríodh an Chairt go Gaeilge, Sínis, Polainnis, Fraincis, Spáinnis, Liotuáinis agus go Laitvis. Tá na leaganacha Béarla, Gaeilge agus teanga iasachta ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin ag www.csvc.ie

10. An tSeirbhís Tacaíochta Cúirte

10.1 Ag eascairt ó shaincheisteanna rialachais ó 2007, choimisiúnaigh an Coimisiún tuarascáil neamhspleách ar rialachas na Seirbhíse Tacaíochta Cúirte i samhradh 2010. Rinne an tuarascáil réimse moltaí. Agus na moltaí sin á gcur i bhfeidhm, bhí ar an mBord an tseirbhís a chur ar fionraí agus seirbhís teoranta a sholáthar i dtéarma dlí an Fhómhair, mar gheall ar tharraingt amach cuid de na hoibrithe deonacha. Ceapadh Bainisteoir nua agus duine cuntasaíochta páirt-aimseartha san Fhómhar agus é mar aidhm acu na moltaí ón tuarascáil neamhspleách a chur i bhfeidhm ina n-iomlán.

11. Tacaíocht Íospartach san Eoraip

11.1 Is ball comhlach é an Coimisiún de Thacaíocht Íospartach san Eoraip. Bhí ionadaíocht aige ag a comhdháil bhliantúil i mBeirlín i mí Bealtaine, 2010. Is líonra de 26 eagraíocht tacaíochta d'íospartaigh neamhrialtasaigh é Tacaíocht Íospartach san Eoraip i 21 tír Eorpacha, a sholáthraíonn cabhair agus eolas d'íospartaigh na coireachta. Cuireann Tacaíocht Íospartach san Eoraip bunú agus forbairt chearta íospartaigh agus seirbhísí d'íospartaigh chun cinn ar fud na hEorpa. Ag cur nádúr scaipthe na hearnála deonaí in Éirinn san áireamh agus iad ag cuidiú agus ag tacú le híospartaigh, tá sé tábhachtach go mbeadh eagraíocht lárnach amháin le ról maoirseachta sa réimse seo, mar an Coimisiún, ina seach-chomhalta de Tacaíocht Íospartach san Eoraip.

12. Gníomhaíochtaí eile an Choimisiúin i 2010

12.1 D'fhreastail an tUasal Lowry agus an tUasal Heylin ar oscailt brainse nua den Chónaidhm um Chúnamh d'Íospartaigh, ag an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, An tUasal Dermot Ahern, T.D., i nDroichead Átha i mí Eanáir. Leabhar an tUasal Heylin ag an gCeathrú Comhdháil Bhliantúil Dlí Coiriúil i gColáiste Ollscoile Chorcaí i mí an Mheitheamh, 2010 ar Chairt na nÍospartach. Lean an tUasal Denis O'Neill, Comhordaitheoir an Choimisiúin, ar aghaidh ag tabhairt cuairt ar na heagraíochtaí maoinithe, monatóireacht a dhéanamh ar a seirbhísí agus cuidiú le fadhbréiteach áitiúil.

Aguisín A

Iarratasóirí Rathúla ar Mhaoiniú i 2010

Eagraíocht	Ranntlach	Caite	Catagóir
Adapt (Ciarraí)	€27,000	€27000	**Foréigean Teaghlaigh**
Adapt (Luimneach)	€50,000	€50,000	**Foréigean Teaghlaigh**
AdVIC	€29,500	€29,500	**Ginearálta**
Ascent (Ros Cré)	€15,897	€18,000	**Foréigean Teaghlaigh**
Barnados	€29,000	€29,000	**Páistí**
Ionad Comhairleoireachta Beacon of Light	€22,150	€22,150	**Comhairliúchán**
CARI – Tionlacan Cúirte	€30,000	€30,000	**Páistí**
Women's Aid Cheatharlach	€15,000	€15,000	**Foréigean Teaghlaigh**
Seirbhísí Clare Haven	€12,000	€12,000	**Foréigean Teaghlaigh**
Cope na Gaillimhe	€3,000	€2,443	**Foréigean Teaghlaigh**
An tSeirbhís Tacaíochta Cúirte	€53,000	€53,000	**Ginearálta**
Líne Chabhrach Íospartaigh na Coireachta	€96,572	€97,234	**Ginearálta**
Tearmann Chuan Saor do Mhná Teoranta	€23,000	€23,261	**Foréigean Teaghlaigh**
Seirbhís Abhcóideachta Fhoréigean Teaghlaigh , Sligeach	€8,000	€8,000	**Foréigean Teaghlaigh**
Domestic Violence Response Teo. (Gaillimh)	€18,000	€18,000	**Foréigean Teaghlaigh**
Seirbhís Fhoréigean Teaghlaigh na mBan Dhún na nGall	€15,000	€15,000	**Foréigean Teaghlaigh**
Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath	€20,000	€16,285	Foréigean Gnéasach
Seirbhís Chomhairleoireachta Dhún Dealgan	€23,500	€23,350	**Comhairliúchán**
Ionad Saoil Teaghlaigh (Foréigean in aghaidh na mBan) (Ros Comáin)	€20,000	€20,000	**Foréigean Teaghlaigh**
Cónaidhm um Chúnamh d'Íospartaigh	€84,000	€83,904	**Ginearálta**
For-rochtain na mBan, Inis Eoghain	€5,000	€1,772	**Foréigean Teaghlaigh**
An tSeirbhís Éireannach um Chúnamh do Thurasóirí	€55,000	€55,000	**Ginearálta**
Seirbhísí Tacaíochta Laois in Aghaidh Fhoréigean Teaghlaigh	€16,546	€19,728	**Foréigean Teaghlaigh**
Lárionad Leitir Ceanainn do Mhná (Foireann Chomhairliúcháin)	€4,000	€4,258	**Comhairliúchán**

Lárionad Comhairleoireachta Deonaí Living Life (BAC – Cill Mhantáin)	€14,000	€14,000	**Comhairliúchán**
Nasc Longfoirt do Mhná	€25,000	€25,000	**Foréigean Teaghlaigh**
Seirbhís Tacaíochta do Mhná Mhaigh Eo	€23,000	€23,000	**Foréigean Teaghlaigh**
Tearmann na Mí do Mhná	€26,000	€26,000	**Foréigean Teaghlaigh**
Seirbhísí Tacaíochta do Dhaoine ar Iarraidh in Éirinn	€5,000	€5,000	**Ginearálta**
Mná Feasa	€25,500	€25,409	**Foréigean Teaghlaigh**
Mná i nGéarchéim, Uíbh Fhailí	€9,000	€9,000	**Foréigean Teaghlaigh**
One in Four	€80,000	€80,000	**Foréigean Gnéasach**
Líonra Open Door (Ciarraí)	€3,000	€3,000	**Foréigean Teaghlaigh**
An Líonra Éigeandála um Éigniú	€54,548	€60,416	**Foréigean Gnéasach**
Cumann Tithíochta Saoirse (Tamhlacht)	€13,500	€13,500	**Foréigean Teaghlaigh**
An Lárionad um Fhoréigean Gnéasach, Corcaigh	€26,000	€26,000	**Foréigean Gnéasach**
Tacaíocht Tar éis Coireachta	€121,000	€121,000	**Ginearálta**
Tacaíocht Tar Éis Dúnbhásaithe	€50,000	€50,000	**Ginearálta**
Cumann Tithíochta Tearmann	€13,883	€13,883	**Foréigean Teaghlaigh**
Seirbhísí Tacaíochta na Iarmhí	€15,000	€14,500	**Foréigean Teaghlaigh**
Women's Aid Bhaile Átha Cliath	€66,100	€65,746	**Foréigean Teaghlaigh**
Women's Aid Dhún Dealgan	€15,000	€15,141	**Foréigean Teaghlaigh**
Lárionad Teiripe na mBan	€10,000	€10,000	**Foréigean Teaghlaigh**
You Are Not Alone (YANA)	€3,000	€1,334	**Foréigean Teaghlaigh**
Iomlán	**€1,273,696**	**€1,275,815**	

Aguisín B

Dáileadh Maoinithe i 2010

Earnáil	An Méid a Maoiníodh	Méid Caite Brabach tugtha anonn	% den iomlán	Líon na dtionscadal
An Choireacht go Ginearálta	€494,072	€494,072	39%	8
Foréigean Teaghlaigh	€466,426	€466,426	37%	25
Foréigean Gnéasach	€180,548	€180,458	14%	4
Comhairliúchán	€73,650	€73,650	6%	5
Páistí	€59,000	€59,000	5%	2
Iomlán	€1273,696	€1,275,815		44

Maoiniú caite % den iomlán



Aguisín C

An Maoiniú a híocadh le hEagraíochtaí 2005 go 2010

2005	2006	2007	2008	2009	2010
€685,750	€885,250	€946,125	€1,057,148	€1,254,279	1,273,696



Aguisín D

Líon na n-íospartach ar tacaíodh leo i ngach earnáil

Líon na n-íospartach ar tacaíodh leo i 2010			
Tionscadail	**Earnáil**	Líon Tacaithe	Líon % den iomlán
8	Ginearálta	7,096	58%
25	Foréigean Teaghlaigh	3,338	27%
4	Foréigean Gnéasach	1,066	9%
5	Comhairliúchán	615	5%
2	Páistí	58	0%
	Iomlán	**12,173**	**100%**

Líon na nOibrithe Deonacha				
Earnáil	**Líon Tionscadal**	**Líon na n-oibrithe deonacha**	**Líon na dtionscadal a úsáideann oibrithe deonacha**	**Líon na dtionscadal a úsáideann baill foirne amháin**
Ginearálta	8	194	8	0
Foréigean Teaghlaigh	25	23	6	19
Foréigean Gnéasach	4	129	3	1*
Comhairliúchán	5	**56	2	2
Páistí	2	6	1	1
Iomlán	**44**	**408**	**20**	**23**

Aguisín E

Commission for the Support of Victims of Crime

FÓGRA POIBLÍ

An Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta

Maoiniú 2011 do sholáthar Seirbhísí d'Íospartaigh na Coireachta

Tá an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta
ag cuir fáilte roimh iarratas ar mhaoiniú
don bhliain 2011 ó charthanais chláraithe, ó ghrúpaí
deonacha/pobail agus ó chomhlachtaí eile a
bhfuil moltaí acu le haghaidh soláthair seirbhísí/tacaíochta d'íospartaigh na coireachta.
Ní mór d'iarratasóirí ar mhaoinithe a bheith ina gcarthanach cláraithe
nó ina chuideachta teoranta. Chuirfí fáilte roimh fhiosrúcháin maidir le
comhiarratais idir dhá ghrúpa
nó níos mó.

Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ó
http://www.justice.ie/ **www.csvc.ie** **nó** is féidir iad a fháil ó
Anne O'Shea, Rúnaí an Choimisiúin
ag an seoladh thíos.
Ní mór foirmeacha iarratais a sheoladh ar ais faoin
Aoine, 26 Samhain, 2010

Mionsonraí teagmhála:

Anne O'Shea Uasal
An Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta,
f/ch An Roinn Dlí agus Cirt
agus Athchóirithe Dlí,
51 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
Teil: 01-6028681. r-phost: csvc@justice.ie